



BIM Ireland's
Seafood
Development
Agency

Pacáiste eolais d'iarrthóirí

Feidhmeannach Faisnéise Margaidh (AOF)

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:
26 Iúil 2024**



Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord lascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



Cuntas ar an Ról	
Teideal an phoist:	Feidhmeannach Faisnéise Margaidh
Conradh:	Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte
Áit:	Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara (Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin)
Struchtúr Tuiriscithe:	Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Bainisteoir, Aonad Faisnéise Gnó.
Grúpa Seirbhíse:	Forbairt & Nuálaíocht
Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí:	<p>Tacaíonn Seirbhísí Forbartha & Nuálaíochta (DIS) le fás inbhuanaithe na hearnála bia mara trí sheirbhísí praiticiúla faisnéise gnó, seirbhísí forbartha gnó agus nuálaíocht faoi thionchar an mhargaidh.</p> <p>Tá foireann éagsúil comhairleoirí gnó agus foireann theicniúil nuálaíochta ag aonad gnó DIS atá tiomanta do thacú le fás earnáil bia mara na hÉireann ar an margadh baile agus ar an margadh onnmhairiúcháin. Tá foireann DIS freagrach as seirbhísí forbartha gnó BIM a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a thomhas ar fud na hearnála bia mara.</p> <p>Forbairt Gnó – Cuireann bainisteoirí cuntas cliant BIM comhairle agus tacaíocht forbartha gnó ar fáil chun cabhrú le cliant deiseanna nua margaidh a phleanáil agus a aithint, chomh maith le comhairle maidir le maoiniú. Faigheann an fhoireann seo cúnamh ó oifigigh réigiúnacha BIM a sholáthraíonn teagmháil túslíne agus a chomhordaíonn rochtain ar réimse seirbhísí BIM do chliant. Tá samhail rannpháirtíochta cliant á forbairt ag an bhfoireann don earnáil bia mara atá bunaithe ar chur chuige comhpháirtíochta agus tá obair ar siúl chun léargas inghníomhaithe faoi thionchar an mhargaidh a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi leathnú na hearnála bia mara i nideoega nua sa mhargadh domhanda agus í a bhrú chun cinn.</p> <p>Clár Teicneolaíochta Uisce BIM - Tagraíonn earnáil teicneolaíochta uisce do chuideachtaí nach bhfuil baint dhíreach acu i dtáirgeadh príomha na dtáirgí do bharshaothraithe ach a chuireann na seirbhísí agus teicneolaíocht chúnta ar fáil a thacaíonn léi sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon. Tá do bharshaothrú ar an earnáil próitéine is mó fás ar fud an domhain agus mar gheall air sin tháinig méadú suntasach ar na cuideachtaí atá ag cur seirbhís ar fáil sa tionscal.</p> <p>Áirítear leis an réimse gníomhaíochtaí teicneolaíochta uisce, géineolaíocht, tionscail chógaisíochta, bonneagar do bharshaothraithe, teicneolaíocht faisnéise, seirbhísí airgeadais agus neart eile.</p>



Achoimre ar an Ról

Tuairiscíonn an Feidhmeannach Faisnéise Margaidh don Bhainisteoir Faisnéise Gnó agus is ball lárnach é d'Fhoireann Forbartha & Nuálaíochta BIM a bheidh i gceannas ar chur i bhfeidhm na gcodanna forbartha gnó agus nuálaíochta de phlean straitéiseach BIM.

Tá ról ríthábhachtach ag **aonad faisnéise Gnó BIM** maidir le léargais sonraíbhunaithe agus treoir straitéiseach a chur ar fáil dár gcliainnt bhia mara. Trí shonraí ó fhoinsí éagsúla a bhailiú, a anailísiú agus a léirmhíniú, tugann aonad BI cumhacht do chinnteoirí roghanna eolasacha a dhéanamh a spreagann fás agus rath gnó. Príomhfheidhm atá ag aon aonad faisnéise gnó is ea sonraí a bhailiú ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha. Déantar na sonraí sin a ghlanadh, a eagrú agus a stóráil in uirlis BI le haghaidh rochtain agus anailís éasca. Cabhraíonn na léargais sin le patrúin, deiseanna agus rioscaí féideartha laistigh den timpeallacht ghnó a aithint. Cruthaíonn an t-aonad Faisnéise Gnó tuarascálacha, deiseanna, agus amharcléirithe a chuireann sonraí casta in iúl ar bhealach soiléir agus intuigthe. Cabhraíonn na hamharcléirithe sin le páirtithe leasmhara ar gach leibhéal den earnáil príomh-mhéadrachtaí a thuiscint go tapa, feidhmíocht a rianú agus cinntí atá bunaithe ar shonraí a dhéanamh. Tá ról suntasach ag an aonad BI maidir le cultúr sonraíbhunaithe a chothú laistigh den earnáil bia mara. Trí thábhacht na cinnteoireachta sonraíbhunaithe a chur chun cinn agus trí oiliúint a chur ar fáil maidir le huirlisí agus teicnící BI, cabhraíonn an t-aonad le fostaithe ar fud na ranna leas a bhaint as cumhacht na sonraí chun nuálaíocht a chur chun cinn agus cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Sa tionscal bia mara, tá ról ríthábhachtach ag faisnéis ghnó maidir le héifeachtúlacht oibríochtúil, an slabhra soláthair a bhainistiú, agus próisis chinnteoireachta a fheabhsú. Trí uirlisí faisnéise gnó agus anailísíocht a threisiú, is féidir le cuideachtaí bia mara anailís a dhéanamh ar threochtaí margaidh, ar roghanna tomhaltóirí, agus ar shonraí slabhra soláthair chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le praghsáil, táirgeadh agus dáileadh. Cuireann sé seo ar a gcumas éileamh a thuar níos fearr, dramhaíl a laghdú, agus brabúsacht a mhéadú. Ina theannta sin, cabhraíonn faisnéis ghnó le cuideachtaí bia mara deiseanna a aithint le haghaidh nuálaíocht táirgí, agus slabhraí soláthair a fheabhsú. I ndeireadh na dála, tá faisnéis ghnó riachtanach chun fanacht chun tosaigh ar an gcuar i dtionscal an-iomaíoch mar seo, d'fhonn oiriúnú do dhálaí athraitheacha an mhargaidh, agus fás inbhuanaithe a spreagadh.



Príomhfhreagrachtaí

- Sonraí margaidh a bhailiú agus a anailísiú chun treochtaí, deiseanna agus bagairtí a aithint.
- Taighde margaidh a dhéanamh chun riachtanais agus roghanna an mhargaidh a mheas.
- Tacair sonraí an mhargaidh a bhainistiú chun léargais agus moltaí a chur ar fáil agus tacú le cinntí gnó.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iomaitheoirí agus ar fhorbairtí tionscail.
- Treochtaí, patrúin agus neamhréireanna i sonraí a léirmhíniú chun tacú le próisis chinnteoireachta.
- Soláthar seirbhíse a bhainistiú le haghaidh roinnt foinsí sonraí tríú páirtí.
- Fanacht cothrom le dáta maidir le treochtaí tionscail agus dea-chleachtais maidir le faisnéis an mhargaidh.
- Tuarascálacha faisnéise gnó, deiseanna, agus amharcléirithe sonraí a fhorbairt agus a choinneáil.
- Tuarascálacha agus cur i láthair a fhorbairt chun torthaí agus moltaí a chur in iúl.
- Comhoibriú le foirne inmheánacha chun straitéisí a fhorbairt bunaithe ar léargais ar an margadh.
- Comhoibriú le foirne trasfheidhmiúla chun príomhtháscairí feidhmíochta (KPIanna) agus méadrachtaí a aithint agus feidhmíocht léargas margaidh a thomhas.
- Próisis dearbhaithe cáilíochta sonraí a chur i bhfeidhm chun cruinneas agus iontaofacht sonraí a chinntiú.
- Cumarsáid agus líonrú éifeachtach a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara sa tionscal, sa Rialtas, i nGníomhaireachtaí comhpháirtíochta, sna meáin agus soláthraithe.
- Torthaí agus moltaí a chur i láthair páirtithe leasmhara ag gach leibhéal den eagraíocht agus i láthair an tionscail agus páirtithe leasmhara.
- Bainistiú a dhéanamh ar chlár shonracha maidir le feachtais bhia mara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chabhraíonn leis an earnáil bia mara tréithe bia mara a chur chun cinn.
- Obair ar thionscadail ghaolmhara eile laistigh d'Fhoireann Bainistíochta DIS.

Freastal ar riachtanais na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus páirtithe leasmhara eile

- Tuarascálacha agus comhairle a chur ar fáil de réir mar is gá (lena n-áirítear nótaí cainte de réir mar is gá).
- Cabhrú le faisnéis agus treochtaí margaidh a láimhseáil de réir mar is gá.
- Ábhar a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara de réir mar is gá.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an tionscal ag gach leibhéal chun ábharthacht an tseachadta seirbhíse a chinntiú.

Ginearálta

- Tascanna nó tionscadail a chur i gcrích, a bhainistiú agus/nó a sheachadadh nuair a iarrann an Bainisteoir é ó am go ham.



Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Taithí 5 bliana ar a laghad ar shonraí margaidh, b'fhearr arís an taithí sin laistigh den tionscal bia mara agus talmhaíochta.
- Cáilíocht mar Bhaitisiléir Gnó nó cáilíocht ghairmiúil den chineál céanna i gcéim tríú leibhéal a bhaineann le gnó, teicniúil nó tionscal.
- Tuiscint láidir ar an earnáil bia mara agus talmhaíochta.
- Taithí ar obair san earnáil phoiblí i réimse an mhargaidh, na sonraí nó an staidrimh.
- Taithí ar sheirbhísí a chur ar fáil don tionscal, do chliant agus do pháirtithe leasmhara eile.
- Taithí ar sheirbhísí faoi thionchar na nuálaíochta a chur ar fáil do chliant.
- Taithí ar fheachtais a bhaineann le bia a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm.
- Ceadúnas tiomána.

Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Taithí ar léargais ghnó a chur ar fáil.
- Tuiscint ar uirlisí amharcléirithe sonraí ar nós Power BI.
- Scileanna láidre anailíseacha agus réiteach fadhbanna.
- Scileanna láidre cumarsáide agus cur i láthair.
- An cumas oibriú go neamhspleách agus i dtimpeallacht foirne.

Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost:

- Cuireann sé/sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir leis an méid atá ag teastáil ón bhfoireann.
- Féachann sé/sí le bealaí nua oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach.
- Treoraíonn sé/sí an fhoireann trí bheith ina eiseamláir, trí chóitseáil agus cabhrú le daoine aonair de réir mar is gá.
- Bíonn sé/sí solúbtha agus toilteanach oiriúnú a dhéanamh, rud a chuireann go dearfach le cur i bhfeidhm an athraithe.
- Aithníonn sé/sí aon fhadhb níos leithne, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara agus cinntí á ndéanamh.
- Úsáideann sé/sí eolas agus taithí roimhe seo chun cinntí a threorú.
- Úsáideann sé/sí breithiúnas chun cinntí fóna a dhéanamh a bhfuil dea-réasúnaíocht leo agus seasann sé leis na cinntí sin.
- Glacann sé/sí freagracht i leith cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Déanann sé/sí dea-bhainistiú ar réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna.
- Cruthaíonn sé/sí struchtúir agus eagraíonn a chuid/a cuid oibre féin agus obair daoine eile go héifeachtach.
- Bíonn sé/sí loighciúil agus pragmatach ina chur chuige/ina cur chuige, agus baineann sé/sí na torthaí is fearr is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil.
- Roinneann sé/sí tascanna go héifeachtach, cuireann sé/sí eolas agus fianaise shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil ag teastáil.
- Aithníonn sé/sí go réamhghníomhach réimsí le haghaidh feabhsúcháin agus smaoiníonn ar mholtaí praiticiúla maidir lena gcur i bhfeidhm.
- Cuireann sé/sí córais/ próisis chuí i bhfeidhm chun seiceáil cáilíochta a chumasú ar gach gníomhaíocht agus aschur.
- Cleachtann agus cuireann sé/sí seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí chun cinn, idir chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.
- Forbraíonn sé/sí caidreamh agus fanann i dteagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú lena ról a chomhlíonadh.

- Tuarann sé/sí ciontú, aithníonn sé/sí má tá daoine ag fáil ceannach isteach trí eolas ábhartha a roinnt agus ag díol na sochar.
- Cuireann sé/sí eolas i láthair ar bhealach soiléir gonta agus muiníneach agus é/í ag labhairt agus i scríbhinn.
- Féachann sé/sí le feidhmiú ar leibhéal ard, cuireann an-fhuinneamh isteach san obair le cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Léiríonn sé/sí teacht aniar i bhfianaise cúinsí dúshlánacha agus éilimh mhóra.
- Tá sé/sí iontaofa agus is féidir brath air/uirthi.
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil custaiméirí i gcoilár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil.
- Tá ardchaighdeán macántachta, eitice agus ionracais aige/aici.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM	<ul style="list-style-type: none"> • Gach ball foirne in Aonad Gnó DIS. • Príomhfhoireann ar fud BIM.
Lasmuigh de BIM	<ul style="list-style-type: none"> • Bord Bia. • Soláthraithe seirbhíse tríú páirtí. • An earnáil próiseála bia mara. • An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). • Gníomhaireachtaí stáit eile lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, Foras na Mara, ach gan a bheith teoranta dóibh. • Institiúidí an Aontais Eorpaigh.
Oiliúint	<ul style="list-style-type: none"> • Aithneofar riachtanais oiliúna tríd an gCóras Bainistithe Feidhmíochta.



Téarmaí agus Sochair

Tuarastal:

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €56,556 - €71,227 (amhail an 1 Meitheamh 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad pointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair poiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

jobs@bim.ie

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais

26 IÚIL 2024

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Is Grád oifigeach feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um [Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS](#)

Úsáid Sonraí

Ní bhainfeadh úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithefear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara



Investors in
Diversity

SILVER